

# *Droichead* — treoir mhearthagartha

Beartas na Comhairle Múinteoireachta maidir le  
samhail nua ionduchtúcháin agus phromhaidh



*An Chomhairle Mhúinteoireachta*  
The Teaching Council

---

# Réamheolas ar *Droichead*


---

Is samhail nua ionduchtúcháin agus phromhaidh do mhúinteoirí nua-cháilithe (MNCanna) é *Droichead*. Forbraíodh beartas na Comhairle maidir leis an tsamhail nua seo tar éis próiseas comhairliúcháin a reáchtáladh sa bhliain 2013.

Tá sé mar aidhm ag *Droichead* a chinntiú go gcuirfidh comhghairmithe fáilte roimh MNCanna, ar shlí chórasach, le linn dóibh tosú amach sa ghairm is tábhachtaí sa tsochaí. Baineann sé leis an tréimhse sin de chleachtadh gairmiúil tacaithe a bheidh ag MNC tar éis dó nó di cáilíocht a bhaint amach.

Déanfar gach múinteoir nua a chlárú faoi réir an choinníll gur gá dó nó di páirt shásúil a ghlacadh in *Droichead* agus Clár Náisiúnta na gCeardlann Ionduchtúcháin a chríochnú. Measfar tréimhse phromhaidh an mhúinteora a bheith thart agus déanfar é nó í a chlárú go hiomlán nuair a gheobhaidh an Chomhairle fianaise go ndearna sé nó sí na coinníollacha clárúcháin go léir a chomhlíonadh.

Ní mór *Droichead* a chríochnú laistigh de thrí bliana ó dháta an chéad chlárúcháin. Tá eisceachtaí ann; féach *Nósanna Imeachta le haghaidh Ionduchtúcháin agus Nósanna Imeachta agus Critéir le haghaidh Promhaidh* de chuid na Comhairle le haghaidh tuilleadh faisnéise.



# Droichead i gcleachtas

Is í rialáil faoi stiúir gairmithe an bunluach a chuireann bonn agus taca faoi *Droichead*. Is léir sin ón tuiscint gurb iad na múinteoirí atá cláraithe go hiomlán na daoine is fearr chun tacú le múinteoirí nua-cháilithe atá ag iarraidh clárú iomlán a bhaint amach. Ina theannta sin, is é nó í comhghleacaí ag a bhfuil taithí a dhearbhóidh don Chomhairle Mhúinteoireachta cibé acu an bhfuil *Droichead* tugtha chun críche go sásúil ag an múinteoir nó nach bhfuil. Dá bhrí sin, is é aidhm phróiseas *Droichead* cur ar chumas na gairme próiseas tacaíochta gairmiúla dá cuid féin a threorú ar shlí a chinnteoidh go gcloífear leis na caighdeáin is airde agus go gcoinneofar muinín an phobail as an ngairm.

Féadfaidh scoileanna *Droichead* a éascú ar bhealaí éagsúla, ag féachaint dá méid, dá struchtúr agus do na himthosca áirithe lena mbaineann. Iarrfar ar gach scoil a chinntiú go gcuirfear eispéireas struchtúrtha ar fáil don mhúinteoir nua agus go mbeidh tacaíocht ar fáil.

Dar leis an gComhairle, is é an cur chuige is fearr Foirne Tacaíochta Gairmiúla a bhunú. Bíonn príomhoide, meantóir agus comhghleacaí amháin nó níos mó ag a bhfuil taithí ar na foirne sin de ghnáth. Is struchtúr an-solúbtha é, áfach, agus oirfidh samhla éagsúla do scoileanna éagsúla. Tacaíonn meantóirí leis an múinteoir nua-cháilithe le linn phróiseas *Droichead*. Iarrfar ar an bpríomhoide agus/nó ar an gcomhghleacaí/na comhghleacaithe ag a bhfuil taithí a dhearbhu don Chomhairle go bhfuil an próiseas tugtha chun críche ag an múinteoir ar bhealach sásúil.

Féadfaidh múinteoirí ó roinnt scoileanna éagsúla a bheith ar aon Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla amháin i roinnt imthosca. In imthosca eile, féadfaidh príomhoide nó leas-phríomhoide, nó comhghleacaí ag a bhfuil taithí a bheidh ainmnithe aige nó aici, a dhearbhu gur glacadh páirt shásúil in *Droichead*. Fágann sé sin go bhfuil sé de rogha ag príomhoidí páirt dhíreach a ghlacadh sa phróiseas dearbhaite nó gan bheith páirteach ann.



Comhlánófar foirm *Droichead* chun a dhearbhu go bhfuil an próiseas tugtha chun críche go sásúil ag múinteoir. Dearbhófar san fhoirm sin gur éirigh leis an múinteoir:

- tréimhse íosta éigeantach de chleachtadh gairmiúil a thabhairt chun críche;
- páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí ionduchtúcháin scoilbhunaithe, arna mbunú ag an gComhairle Mhúinteoireachta, ar bhealach gairmiúil;
- a léiriú go bhfuil sé nó sí tiomanta mar is cúí do mhúinteoireacht agus d'fhoghlaim ardchaighdeáin; agus

- a léiriú gur féidir leis nó léi oibriú go neamhspleách mar mhúinteoir cáilithe atá cláraithe go hiomlán.

Coinneoidh an múinteoir nua-cháilithe an fhoirm go dtí go mbeidh an tréimhse iomlán de chleachtadh gairmiúil a bhfuil gá léi tugtha chun críche aige nó aici. Cinnfidh an Chomhairle Mhúinteoireachta cibé acu ar chóir nó nár chóir coinníoll *Droichead* a bhaint de chlárú an mhúinteora ar bhonn na foirme a chuirfear faoina bráid.



---

# Clár píolótach *Droichead*

---

Tá fáilte roimh scoileanna páirt a ghlacadh i gclár píolótach roghnach *Droichead*. Faoi láthair, tá an clár píolótach dírithe ar bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna sna contaetha ina mbíonn an líon is airde de mhúinteoirí nua-cháilithe de ghnáth. Tá liosta na gcontaetha sin ar fáil in *Droichead: Treoir le haghaidh Scoileanna Píolótacha* ar shuíomh gréasáin na Comhairle, [www.teachingcouncil.ie](http://www.teachingcouncil.ie). Is féidir le scoileanna nach bhfuil suite sna contaetha sin iarratas a dhéanamh chun páirt a ghlacadh sa chlár píolótach, mar atá déanta ag roinnt scoileanna cheana féin.

I gcás go roghnóidh scoil páirt a ghlacadh sa chlár píolótach, tabharfar cuireadh di bheith ina ball de chnuasach scoileanna atá suite sa réigiún céanna. Déanfar cruinnithe cnuasaigh a eagrú ag a gcuirfear oiliúint ar scoileanna rannpháirteacha, ag a roinnfidh siad a gcuid eispéireas i dtaca leis an gclár píolótach agus ag a bhfaighidh siad tacaíocht ón gClár Náisiúnta



Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (CNIM) agus ó chigire a bheidh sannta don chnuasach sin. Cuirfidh CNIM agus an Chigireacht tacaíocht leanúnach ríomhphoist agus ghutháin ar fáil.

Déanfar taighde chun an tsamhail nua a mheas agus chun fianaise a bhailiú ón ngairm d'fhonn treoir a thabhairt do chur chuige na Comhairle maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm *Droichead* amach anseo. Cuirfear sparánacht taighde ar fáil do scoileanna a ghlacfaidh páirt sa chlár píolótach chun tacú lena ról sa snáithe taighde.



An Chomhairle Mhúinteoireachta  
The Teaching Council

Tá tuilleadh faisnéise  
ar fáil ar an gcuid den  
suíomh gréasáin  
[www.teachingcouncil.ie](http://www.teachingcouncil.ie)  
a bhaineann le *Droichead*

Má tá ceist agat faoi *Droichead*  
a thabhairt chun críche, seol  
ríomhphost chuig CNIM ag  
[droichead@teacherinduction.ie](mailto:droichead@teacherinduction.ie)

**An Chomhairle Mhúinteoireachta**  
**The Teaching Council**

Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad,  
Maigh Nuad, Co. Chill Dara, Éire

Íosghlao 1890 224 224  
Uimh. Ghutháin +353 1 651 7900  
Uimh. Facs +353 1 651 7901  
Ríomhphost [info@teachingcouncil.ie](mailto:info@teachingcouncil.ie)

[www.teachingcouncil.ie](http://www.teachingcouncil.ie)